Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2022
(OR. en)

15936/22

LIMITE

JUR 789
COUR 41
INST 455
CODEC 1996

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0906 (COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Leasú Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo litir dar dáta an 30 Samhain 2022 ó Koen Lenaerts, Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chuig Mikuláš Bek, Uachtarán na Comhairle Gnóthaí Ginearálta, lena dtarchuirfear iarraidh chun Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leasú, chomh maith le téacs na leasuithe atá beartaithe agus na hiarscríbhinní a ghabhann leo.

CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

An tUachtarán

*Lucsamburg, 30 Samhain 2022*

PUBLIC

*Mikuláš Bek*
*Uachtarán na Comhairle Gnóthaí Ginearálta*
*Comhairle an Aontais Eorpaigh*
*175, rue de la Loi*
*B-1048 an Bhruiséil*

*A Uachtaráin Uasail,*

*Is mór an onóir dom an iarraidh seo ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leasú, de réir an dara mír d'Airteagal 281 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 106a den Chonradh ag Bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a sheoladh chugat agus chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.*

*I gcomhthéacs dianghníomhaíocht bhreithiúnach, ina bhfuil na cásanna a thugtar os comhair na Cúirte Breithiúnais líonmhar agus casta, tá an iarraidh seo beartaithe, ar an gcéad dul síos, chun a chinneadh cad iad na hábhair shonracha ina bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta, de bhun Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chun ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 den Chonradh sin a éisteacht agus a chinneadh agus, ar dara dul síos, chun raon feidhme ábhartha an tsásra um réamhchinneadh i leith cead a thabhairt dul ar aghaidh le hachomhairc, a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019, a fhairsingiú.*

*Is mian liom d'aird a tharraingt ar an meabhrán míniúchán, ina dtugtar míniú ar na leasuithe ar an Reacht a bheadh i gceist leis an iarraidh seo, atá le fáil in Iarscríbhinn leis an litir seo i ngach teanga oifigiúil den Aontas Eorpach.*

*Fáiltím roimh aon iarraidh ar fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.*

*Is mise, le meas,*
*Koen Lenaerts*

**Iarraidh arna tíolacadh ag an gCúirt Bhreithiúnais, de bhun an dara mír d'Airteagal 281 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, d'fhonn Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leasú**

PUBLIC

## Réamhrá

Tá dhá chuspóir i gceist leis an iarraidh seo ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ("an Reacht") a leasú, ar iarraidh í atá bunaithe ar an dara mír d'Airteagal 281 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Sa chéad áit, tá an iarraidh seo beartaithe chun na hábhair shonracha a bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta ina leith, de bhun Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chun ceisteanna a tharchuireann cúirteanna na mBallstát chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 den Chonradh sin a éisteacht agus a chinneadh.

Sa dara háit, tá an iarraidh seo beartaithe chun a áireamh i raon feidhme an tsásra um réamhchinneadh i leith cead a thabhairt dul ar aghaidh le hachomhairc, a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019, achomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta ar chinntí de chuid bhoird achomhairc chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh arbh ann dóibh cheana ar an dáta thuasluaite ach nach bhfuil luaite go fóill sa chéad mhír d'Airteagal 58a den Reacht, agus chun an sásra sin um réamhchead dul ar aghaidh le hachomhairc a shíneadh chuig na díospóidí dá dtagraítear in Airteagal 272 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le clásail eadrána i gconradh faoin dlí poiblí nó faoin dlí príobháideach arna dhéanamh ag an Aontas nó thar a cheann.

Déantar an dá thogra sin i gcomhthéacs méadú seasmhach ar ualach oibre na Cúirte Breithiúnais agus beartaítear leo a chur ar chumas na Cúirte sin leanúint den chúram a chuir údair na gConarthaí uirthi arb é a áirithiú "go gcomhlíonfar an dlí i léiriú na gConarthaí agus ina gcur i bhfeidhm"[1], laistigh de thréimhsí réasúnta.

## I. An dlínse chun ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE a éisteacht agus a chinneadh in ábhair shonracha atá leagtha síos sa Reacht a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta

Cé gurbh í an Chúirt Bhreithiúnais i gcónaí a láimhseáil na hiarrataí ar réamhrialú ó chúirteanna agus binsí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh go dtí seo, tá an fhéidearthacht

[1] Féach Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

chun go leagfar de chúram ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh cuid de na hiarrataí sin a láimhseáil ann go foirmiúil, le breis agus fiche bliain anuas. Le linn na Comhdhála Idir-Rialtasaí a raibh síniú Chonradh Nice, an 26 Feabhra 2001, mar thoradh uirthi, leasaíodh Airteagal 225 den Chonradh ag Bunú an Chomhphobail Eorpaigh d'fhonn dlínse a aithint don Chúirt Ghinearálta, ar dlínse í a séanadh uirthi go dtí sin: an dlínse chun "ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 234 a éisteacht agus a chinneadh in ábhair shonracha atá leagtha síos sa Reacht"[2].

Agus í curtha isteach sa Chonradh i gcomhthéacs ina raibh méadú suntasach ag teacht ar ualach oibre an dá chúirt i gcomhuain le tús an tríú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadais agus ina raibh Conradh Amstardam tar éis teacht i bhfeidhm le gairid, bhreathnaigh an Chúirt Bhreithiúnais féin, ar an bhféidearthacht chun dlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta, mar cheann de na bealaí féideartha chun an brú ar an gCúirt a mhaolú, i dteannta bearta ar nós aistriú catagóirí nua caingne díreacha chuig an gCúirt Ghinearálta, dlísheomraí nua le haghaidh athbhreithniú breithiúnach a chruthú nó achomhairc a scagadh[3].

In ainneoin go raibh an fhoráil sin ann, fós ní dhearnadh aon leasú, an tráth sin, ar leithdháileadh na dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta i ndáil le ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú. Sna blianta i ndiaidh theacht i bhfeidhm Chonradh Nice an 1 Feabhra 2003, tugadh tosaíocht don Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh a bhunú agus do gach caingean le haghaidh neamhniú agus gach caingean a bhaineann le mainneachtain gníomhú a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta, caingne a bhí de chúram na Cúirte Breithiúnais go dtí sin, cé is moite de chatagóirí áirithe caingne de chineál idirinstitiúideach nó caingne arna dtabhairt ag na Ballstáit i gcoinne ghníomhartha reachtóir an Aontais. D'fhan tarchuir chun réamhrialú faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais amháin, agus ghlac an Chúirt, thairis sin, roinnt leasuithe tábhachtacha ar a Rialacha Nós Imeachta agus roinnt bearta eagrúcháin inmheánacha a raibh éifeachtaí suntasacha acu ar líon na gcásanna ar chuir an Chúirt clabhsúr leo agus ar an meántréimhse inar déileáladh le cásanna, a bhí ar cheann de na hábhair is mó imní a bhí taobh thiar den phlé thuasluaite maidir le todhchaí chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh.

Tháinig an cheist faoi aistriú páirteach dhlínse na Cúirte Breithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta in ábhair réamhrialaithe chun cinn arís i gcomhthéacs an

[2] Freagraíonn an tAirteagal sin, go bunúsach, le hAirteagal 256 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh reatha, agus freagraíonn Airteagal 234 dá dtagraíonn sé, faoi réir leasuithe téarmaíochta, d'Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

[3] Féach, ina leith sin, an páipéar machnaimh "Todhchaí chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh", a tarchuireadh chuig an gComhairle i mBealtaine 1999 (Doiciméad 8208/99 ón gComhairle an 11 Bealtaine 1999) agus an páipéar a thíolaic an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta, bliain níos déanaí, i gcomhthéacs na Comhdhála Idir-Rialtasaí.

athchóirithe ar struchtúr chúirteanna an Aontais Eorpaigh, a glacadh in 2015[4], ach fós féin, ní raibh de thoradh air sin, an tráth sin, an Reacht a leasú d'fhonn a chinneadh cad iad na hábhair shonracha ina bhféadfadh an Chúirt Ghinearálta dlínse réamhrialaithe a fheidhmiú. I ndiaidh do reachtóir an Aontais a iarraidh uirthi tuarascáil maidir leis na hathruithe féideartha ar leithdháileadh na dlínse i dtaca le ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú a chur faoina bhráid an 26 Nollaig 2017 ar a dhéanaí, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe faoi dhó ar líon na mBreithiúna sa Chúirt Ghinearálta mar chuid den athchóiriú thuasluaite, chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl sa tuarascáil sin, a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin an 14 Nollaig 2017, nach raibh gá, *ag an staid sin*, athruithe ar an leithdháileadh sin a dhéanamh.[5]

I ndáil leis sin, chuir an Chúirt chun cinn na deacrachtaí a bhaineann leis sin a dhéanamh ach freisin, agus go háirithe, go raibh na hiarrataí ar réamhrialú arna gcur faoi bhráid na Cúirte á láimhseáil go mear – b'ionann an mheántréimhse inar déileáladh leis na hiarrataí sin agus 15 mhí, an tráth sin – agus an t-athchóiriú ar struchtúr chúirteanna an Aontais Eorpaigh fós ar bun. Bhí roinnt Breithiúna de chuid na Cúirte Ginearálta fós le ceapadh agus bhí na bearta a bhaineann, go háirithe, le heagrú inmheánach na Cúirte ar bhonn an athchóirithe fós le teacht.

Cúig bliana níos déanaí, áfach, tá athrú mór tagtha ar an staid sin.

Ar an gcéad dul síos, tá líon na n-iarrataí ar réamhrialú a chuirtear faoi bhráid na Cúirte ag ardú go seasta, agus, dá réir sin, le blianta beaga anuas, tá fad na n-imeachtaí ag méadú de réir a chéile, de bharr gur dheacair ar an gCúirt déileáil chomh tapa céanna le hiarrataí, ní hamháin atá ag dul i méid, ach atá ag éirí níos casta nó níos íogaire freisin[6].

Ar an dara dul síos, tá an t-athchóiriú ar struchtúr chúirteanna an Aontais Eorpaigh curtha i gcrích go hiomlán anois. Ó mhí Iúil 2022 ar aghaidh, is amhlaidh go bhfuil beirt Bhreithiúna in aghaidh an Bhallstáit sa Chúirt Ghinearálta, nó líon iomlán de cheithre Bhreitheamh is caoga, agus, le blianta beaga anuas, rinneadh dianmhachnamh ar eagrú inmheánach agus modhanna oibre na Cúirte sin, agus dá thoradh sin, tugadh isteach,

---

[4] Féach Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal (Uimh. 3) ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 341 an 24 Nollaig 2015, lch. 14).

[5] Tuarascáil arna tíolacadh de bhun Airteagal 3(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 (cló Iodálach curtha leis). Is féidir teacht ar an tuarascáil sin, ar shuíomh gréasáin na hinstitiúide ag an seoladh seo a leanas: https://curia.europa.eu/jcms/upload/docs/application/pdf/2018-01/en_2018-01-12_08-43-52_183.pdf.

[6] In 2016, cuireadh 470 iarraidh ar réamhrialú faoi bhráid na Cúirte, ach trí bliana níos déanaí d'ardaigh an líon sin go 641 iarraidh agus go 567 in 2021. Le linn na tréimhse céanna, mhéadaigh an mheántréimhse ina ndéileáiltear leis na cásanna a tharchuirtear chun réamhrialú, ó 15 mhí in 2016 go 15.5 mí in 2019 agus 16.7 mí in 2021. An 30 Meán Fómhair 2022, b'ionann an líon iarrataí ar réamhrialú a ó thús na bliana agus 420, agus b'ionann an mheántréimhse ina ndéileáiltear le cásanna a tharchuirtear chun réamhrialú agus 17.3 mí. Chun léargas níos mionsonraithe ar na cásanna arna dtionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais sa tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 agus ar chionroinnt na n-iarrataí ar réamhrialú ina measc, féach an tábla in Iarscríbhinn 1 leis an iarraidh seo.

go háirithe, speisialú páirteach i ndlísheomraí na Cúirte Ginearálta, bainistiú níos réamhghníomhaí ar chásanna agus déantar tuilleadh cásanna tábhachtacha nó casta a tharchur chuig foirmíochtaí méadaithe, comhdhéanta de chúigear Breithiúna. Fágann na forbairtí sin go bhfuil na coinníollacha cuí ann chun go bhféadfaidh an Chúirt Ghinearálta ní hamháin tuilleadh cásanna a láimhseáil,[7] ach freisin cásanna nua nach bhfuil teoranta don dlínse a tugadh di go dtí seo.

Sna himthosca sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais gur cuí, ar mhaithe le riar cuí an cheartais, leas a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa chéad mhír d'Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus a chinneadh, sa Reacht, cad iad na hábhair shonracha ina n-éistfidh agus a gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 den Chonradh sin (1). Is é sin an cuspóir leis an gcéad chuid den iarraidh reachtach seo, ina sonraítear freisin, ar mhaithe le tuilleadh deimhneacht dhlíthiúil, an comhlacht a bheidh freagrach as a áirithiú go n-urramófar leithdháileadh na dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta in ábhair réamhrialaithe (2) agus na coimircí nós imeachta ar mhaithe le hiarrataí ar réamhrialú arna n-aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta a láimhseáil ar an gcaoi is fearr (3).

*(1) Na hábhair shonracha ina n-éistfidh agus a gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta iarrataí ar réamhrialú*

Mar is léir ó fhoclaíocht na chéad mhíre d'Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní dlínse ghinearálta í dlínse na Cúirte Ginearálta chun ceisteanna a tarchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 a éisteacht agus a chinneadh, lena gcuimsítear na réimsí go léir faoi dhlí an Aontais. Tá a dlínse réamhrialaithe le feidhmiú in ábhair shonracha, rud a chiallaíonn, dar ndóigh, go mbeidh na hiarrataí ar réamhrialú ó chúirteanna na mBallstát dírithe ar na hábhair sin agus nach n-ardófar ceisteanna leo a bhaineann le léiriú ná bailíocht dhlí an Aontais atá de chineál cothrománach.

Go sonrach, bhí ceithre chritéar nó threoirphrionsabal ag an gCúirt Bhreithiúnas sa phlé chun na hábhair shonracha ina bhféadfadh an Chúirt Ghinearálta dlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais a ghlacadh.

Baineann an chéad cheann de na critéir leis an ngá go mbeidh na hábhair a láimhseálfaidh an Chúirt Ghinearálta so-aitheanta ar léamh na hiarrata ar réamhrialú agus sách indealaithe ó na hábhair eile arna rialú le dlí an Aontais ionas nach dtiocfaidh ceisteanna chun cinn faoi raon feidhme sonrach na gceisteanna ó na cúirteanna náisiúnta agus, dá réir sin, faoi dhlínse na Cúirte Ginearálta chun déileáil leo.

Baineann an dara agus an tríú critéar, faoi seach, le hábhair nach mbaineann mórán ceisteanna prionsabail leo agus ina bhfuil bonn láidir cásdlí ón gCúirt Bhreithiúnais, a

[7] Leis an méid sin seo, atá bunaithe freisin ar líon na gcásanna arna dtabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta ón tráth a glacadh Rialachán 2015/2422, ní chuirtear san áireamh an méadú féideartha ar an ualach oibre a bhaineann le forbairt ghníomhaíocht reachtach agus rialála an Aontais Eorpaigh, go háirithe sa réimse digiteach.

fhéadfaidh a bheith mar threoir don Chúirt Ghinearálta i bhfeidhmiú a dlínse nua agus an riosca féideartha de neamhréireachtaí nó éagsúlachtaí féideartha sa chásdlí a chosc.

Ar deireadh, d'fhéach an Chúirt Bhreithiúnais le hábhair a aithint ina bhfuil líon sách ard iarrataí ar réamhrialú ionas go mbeidh fíorthionchar ar a hualach oibre má aistrítear na hiarrataí ar réamhrialú sna réimsí lena mbaineann chuig an gCúirt Ghinearálta. Mura ndéanfaí ach dornán cásanna a aistriú – fiú má bhaineann siad le hábhair shonracha – ní bheadh d'éifeacht aige sin ualach oibre na Cúirte Breithiúnais a laghdú, mar is inmhianaithe.

Ar an mbonn sin – agus tar éis mionanailís a dhéanamh ar an staitisticí ábhartha a bhaineann leis na cásanna ar chuir an Chúirt Bhreithiúnais clabhsúr leo idir an 1 Eanáir 2017 agus an 30 Meán Fómhair 2022[8] –, d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais sé ábhar a fhreagraíonn do na critéir thuasluaite: an comhchóras cánach breisluacha, dleachtanna máil, an cód custaim agus rangú earraí de réir taraife san ainmníocht chomhcheangailte, cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí agus an córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.

Is amhlaidh go bhfuil na hábhair sin, a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 50b a mholtar a chur isteach sa Reacht[9], sainithe go soiléir agus sách indealaithe ó na hábhair eile a chuimsítear le dlí an Aontais, rialaítear iad le líon teoranta gníomhartha dlí thánaistigh agus, mar is léir ó na staitisticí thuasluaite, is annamh a thugtar breithiúnais phrionsabail ina leith; as 630 cás ar an iomlán, níor láimhseáil Mór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais ach trí cinn acu le linn na tréimhse faoi thrácht. Thairis sin, tá cásdlí flúirseach ón gCúirt Bhreithiúnais sa réimse sin, agus ba chóir na rioscaí go mbeidh éagsúlacht sa chásdlí a mhaolú go suntasach leis sin.

Ba cheart go dtiocfadh laghdú suntasach ar ualach oibre na Cúirte Breithiúnais de thoradh dhlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais chun breith a thabhairt ar iarrataí ar réamhrialú a tharchuirtear in ábhair shonracha, de bhrí gurb ionann líon na n-iarrataí sin, ar an meán, agus thart ar 20% de na hiarrataí go léir le haghaidh réamhrialú a thugtar os comhair na Cúirte Breithiúnais gach bliain, ach is gá fós a shonrú cad iad na rialacha mionsonraithe lena ndéanfar an dlínse réamhrialaithe a roinnt idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta agus na rialacha mionsonraithe i ndáil leis an gcaoi a láimhseálfaidh an Chúirt sin na hiarrataí ar réamhrialú. Sin a dhéantar i míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 50b.

*(2) Comhlacht amháin le bheith freagrach as glacadh le hiarrataí ar réamhrialú agus a áirithiú go n-urramófar leithdháileadh na dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta i ndáil le réamhrialuithe*

De bhrí go bhfuil leithdháileadh na dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta i ndáil le réamhrialuithe faoi réir critéar ábhartha agus gur féidir go bhfuil na hiarrataí ar réamhrialú de chineál measctha agus ceisteanna a bheith iontu a bhaineann le roinnt ábhar, tá sé tábhachtach nach gá do na cúirteanna tarchuir a chinneadh, uathu féin, an dtagann a n-iarrataí ar réamhrialú faoi dhlínse na

[8] Léirítear na staitisticí sin in Iarscríbhinní 2 agus 3 leis an iarraidh seo.
[9] Féach Airteagal 2 den Rialachán atá beartaithe.

Cúirte Breithiúnais nó faoi dhlínse na Cúirte Ginearálta. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus luas, sonraítear in Airteagal 50b(2) den Reacht, mar a dhéantar i láthair na huaire, nach mór na hiarrataí go léir a tharchuirtear de bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thionscnamh sa Chúirt Bhreithiúnais agus gurb í an Chúirt Bhreithiúnais a chuirfidh an iarraidh ar aghaidh chuig an gCúirt Ghinearálta, tar éis di a fhíorú, de réir na modhanna arna leagan síos ina Rialacha Nós Imeachta, go mbaineann an iarraidh go heisiach le hábhar nó le hábhair shonracha dá dtagraítear in Airteagal 50b(1) den Reacht.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, ina leith sin, nach ionann an fíorú atá le déanamh ag an gCúirt Bhreithiúnais sa chomhthéacs sin agus measúnú ar chóir an cás a tharchuir chuig an gCúirt Ghinearálta nó a choinneáil sa Chúirt Bhreithiúnais, i bhfianaise thábhacht na gceisteanna le haghaidh réamhrialú. Tá an fíorú sin dírithe ar phrionsabal leithdháileadh na dlínse a urramú, agus air sin amháin, ós rud é nach dtugtar le hAirteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh aon dlínse don Chúirt Ghinearálta chun breith a thabhairt ar cheisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú nach dtagann faoi ábhair nó abhair shonracha a leagtar síos sa Reacht. Mar sin, láimhseálfaidh an Chúirt Bhreithiúnais iarraidh ar réamhrialú lena gcuimsítear ábhair a liostaítear in Airteagal 50b(1) den Reacht agus ábhair nach dtagann faoin Airteagal sin, agus déanfar iarraidh a bhaineann go heisiach le hábhar nó le hábhair dá dtagraítear san Airteagal sin a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta go huathoibríoch, beag beann ar thábhacht an cháis nó thábhacht na gceisteanna a chuirtear.

Dar ndóigh, ní dochar aistriú iarrata ar réamhrialú chuig an gCúirt Ghinearálta don fhéidearthacht don Chúirt Ghinearálta an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Bhreithiúnais má mheasann sí "go n-éilíonn an cás breith ar phrionsabal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais", nó don fhéidearthacht, don Chúirt Bhreithiúnais féin, athbhreithniú a dhéanamh ar an mbreith ón gCúirt Ghinearálta "i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach go ndéanfaí difear d'aontacht agus do chomhchuibheas dhlí an Aontais"[10]. Mar sin féin, ba cheart go ndéanfaí an t-athbhreithniú sin ar bhonn eisceachtúil. Ós rud é go gcuirtear bac ar na himeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur go dtí go bhfaightear freagra ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta ar na ceisteanna a chuir an chúirt sin, ba cheart go ndéanfadh an Chúirt Ghinearálta na ceisteanna a chuireann an chúirt sin a fhreagairt go críochnúil.

Sa chomhthéacs sin, d'fhonn cur chuige aonfhoirmeach a chur chun cinn sa chaoi ina láimhseálann an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta na hiarrataí ar réamhrialú, mheas an dá chúirt sin, d'fhonn an iarraidh reachtach seo a ullmhú, gur chóir roinnt coimircí nós imeachta a thabhairt do na cúirteanna náisiúnta agus do na páirtithe sna príomhimeachtaí agus do na daoine leasmhara eile dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

*(3) Coimircí nós imeachta fíor-riachtanacha i ndail le láimhseáil chomhionann na n-iarrataí ar réamhrialú ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta*

[10] Féach, i ndáil leis sin, foclaíocht an dara mír agus an tríú mír d'Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

PUBLIC

Dá réir sin, cuireadh trí choimirce nós imeachta isteach sa Reacht.

Ar an gcéad dul síos, foráiltear leis an gcéad abairt d'Airteagal 50(3)b den Reacht go sannfaidh an Chúirt Ghinearálta na hiarrataí ar réamhrialú do dhlísheomraí a ainmneofar chuige sin. Ba cheart d'ainmniú dlísheomraí – a bhfuil taithí ag an gCúirt Ghinearálta air de bharr go bhfuil sin curtha chun feidhme go rathúil, i láimhseáil na gcásanna i réimse na seirbhíse sibhialta agus na maoine intleachtúla – láimhseáil an chineáil nua dlíthíochta sin ag an gCúirt Ghinearálta a éascú, agus tuilleadh comhleanúnachais i láimhseáil na n-iarrataí ar réamhrialú sna hábhair shonracha lena mbaineann de bhrí go láimhseálfaidh an dlísheomra nó na dlísheomraí céanna den Chúirt Ghinearálta iad go léir.

Baineann an dara coimirce nós imeachta, dá bhforáiltear sa dara habairt d'Airteagal 50b(3) den Reacht arb í go láimhseálfar na hiarrataí ar réamhrialú os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta ar an gcaoi chéanna ó thaobh nós imeachta de, le hAbhcóide Ginearálta a ainmniú i ngach cás réamhrialaithe a láimhseálfaidh an Chúirt Ghinearálta. Mar is amhlaidh sa Chúirt Bhreithiúnais, ní chiallóidh an t-ainmniú sin go dtabharfar Tuairim sna cásanna sin ar bhonn córasach, de bharr, de bhun an chúigiú mír d'Airteagal 20 den Reacht – atá infheidhme i leith na Cúirte Ginearálta de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 53 den Reacht – féadfar breith a thabhairt ar chás gan Tuairim an Abhcóide Ghinearálta mura n-ardaítear aon phonc dlí nua leis, ach go gcuireann sin le stuamacht na hanailíse a dhéanann an Chúirt sin de bharr go dtabharfar dhá dhearcadh ar gach cás anseo freisin; déanfaidh an tAbhcóide Ginearálta ainmnithe scrúdú ar an gcáschomhad agus féadfar anailís an Bhreithimh-is-Rapóirtéir sa réamhthuarascáil a fhorlíonadh, a cháiliú nó a shaibhriú go fónta.

Ar deireadh, a mhéid a d'fhéadfadh sé a bheith ag teastáil, i gcás iarrataí áirithe ar réamhrialú, ach i gcásanna eile freisin, go ndíreoidh líon níos airde ná cúigear Breithiúna orthu, foráiltear leis an iarraidh reachtach seo do leasú ar Airteagal 50 den Reacht ionas go bhféadfaidh an Chúirt Ghinearálta suí i bhfoirmíocht de mhéid idirmheánach, idir na dlísheomraí de chúigear Breithiúna agus an Mór-Dhlísheomra atá comhdhéanta de chúig Bhreitheamh déag. Níor chóir Mór-Dhlísheomra na Cúirte Ginearálta a thionól chun breith a thabhairt ar cheisteanna le haghaidh réamhrialú a tharchuirtear chuig an gCúirt Ghinearálta de bhrí, sa chéad áit, gur cóir na cásanna a n-éilíonn breith ar phrionsabal a thagann faoi dhlínse an Mhór-Dhlísheomra de ghnáth a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais de réir an dara mír d'Airteagal 256(3) CFAE, agus, sa dara háit, i bhfianaise líon na mBreithiúna sa Mhór-Dhlísheomra, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar Bhreithiúna nach bhfuil sna dlísheomraí arna n-ainmniú chuige sin breith a thabhairt in ábhair réamhrialaithe, rud a bhainfeadh den choimirce a bheartaítear sa chéad abairt d'Airteagal 50b(3). Sonraítear, ina leith sin, sa tríú mír d'Airteagal 50 go bhforálfar sna Rialacha Nós Imeachta comhdhéanamh na ndlísheomraí agus na cásanna agus na coinníollacha ina suífidh an Chúirt Ghinearálta sna foirmíochtaí éagsúla sin.

Arna nglacadh le chéile, leis na bearta sin go léir a leagtar amach thuas, ba cheart go bhféadfaí a chur ar chumas na Cúirte Ginearálta an dlínse nua sin a bhainistiú ar an gcaoi is fearr is féidir, agus ag an am céanna, léiriú agus cur i bhfeidhm

aonfhoirmeach dhlí an Aontais a áirithiú, cibé cúirt a thabharfaidh breith ar an iarraidh ar réamhrialú.

**II. An sásra um réamhchinneadh i leith cead a thabhairt dul ar aghaidh le hachomhairc a fhairsingiú, ag an gCúirt Bhreithiúnais**

Fad atá an chéad chuid den iarraidh seo ar leasú ar an Reacht sách nuálach, tá raon feidhme an dara cuid níos srianta. Ní bheartaítear léi ach a áireamh i raon feidhme an tsásra um réamhchinneadh i leith cead a thabhairt dul ar aghaidh le hachomhairc na hachomhairc a dhéantar i gcoinne bhreithiúnais nó orduithe na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinntí ó bhoird achomhairc neamhspleácha de chuid chomhlachtaí, ghníomhaireachtaí nó oifigí an Aontais Eorpaigh arbh ann dóibh cheana nuair a tháinig an sásra thuasluaite i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019, ach nár luadh in Airteagal 58a den Reacht agus an sásra um réamhchinneadh i leith cead a thabhairt dul ar aghaidh le hachomhairc a shíneadh d'achomhairc a dhéantar i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta arna dtabhairt de bhun clásail eadrána.

Nuair a bunaíodh an sásra um réamhcheadú dul ar aghaidh le hachomhairc, in 2019, rinneadh foráil go mbeadh feidhm aige maidir le hachomhairc arna ndéanamh i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinneadh a rinne boird achomhairc neamhspleácha na gceithre oifig nó ghníomhaireacht den Aontas Eorpach dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 58a den Reacht[11], agus na hachomhairc arna ndéanamh i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinneadh a rinne bord achomhairc neamhspleách a bunaíodh i ndiaidh an 1 Bealtaine 2019 laistigh d'aon oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil sé éigeantach an t-ábhar a chur faoina bhráid sula bhféadfar caingean a thionscnamh os comhair na Cúirte Ginearálta. An 1 Bealtaine 2019, bhí boird achomhairc neamhspleácha bunaithe ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais Eorpaigh cheana freisin agus ní raibh siad ar liosta na gcomhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí den Aontas Eorpach dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 58a den Reacht. Tá i gceist anseo, mar shampla, Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí nó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh.

De bhrí nach bhfuil aon údar gan iad a bheith ar an liosta thuasluaite, moltar anois, ar mhaithe le tuilleadh comhsheasmhachta, Airteagal 58a den Reacht a leasú d'fhonn na comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus oifigí arbh ann dóibh an 1 Bealtaine 2019 a chur le liosta na gceithre chomhlacht dá dtagraítear san Airteagal sin cheana agus foráil a dhéanamh, anseo freisin, go mbeidh scrúdú na n-achomharc arna ndéanamh i gcoinne bhreith de chuid na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinneadh a rinne (ceann dá) (m)bo(i)rd achomhairc neamhspleách(a) faoi réir réamhchead ón gCúirt Bhreithiúnais dul ar aghaidh leis an achomharc. I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 58a, ní ligfear don achomharc dul ar aghaidh, mar sin, go hiomlán nó go páirteach, ach i gcás ina n-ardófar ceist mar chuid den achomharc sin atá suntasach i ndáil le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dhlí an Aontais.

Ar an gcaoi chéanna, molann an Chúirt raon feidhme an tsásra um réamhchinneadh i leith cead a thabhairt dul ar aghaidh le hachomhairc a shíneadh go hachomhairc a dhéantar i gcoinne bhreitheanna de chuid na Cúirte Ginearálta a bhaineann le conradh arna

[11] Is iad sin, faoi seach, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.

dhéanamh ag an Aontas Eorpach nó thar a cheann agus a bhfuil clásal eadrána ann, de réir bhrí Airteagal 272 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Murab ionann agus na cásanna dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 58a, ní dhéanann bord achomhairc neamhspleách réamhscrúdú ar chásanna a thugtar os comhair na Cúirte Ginearálta de bhun clásal eadrána i gconradh faoin dlí poiblí nó faoin dlí príobháideach arna dhéanamh ag an Aontas nó thar a cheann sula gcuirtear faoi bhráid na Cúirte Ginearálta iad, ach ní gá don Chúirt Ghinearálta sna cásanna sin, ach an dlí náisiúnta dá dtagraítear sa chlásal eadrána a chur i bhfeidhm, agus ní dlí an Aontais. De bhrí nach bhfuil na hachomhairc arna ndéanamh sa réimse seo de chineál, i bprionsabal, go n-ardaítear saincheisteanna atá suntasach i ndáil le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dhlí an Aontais, tá sé beartaithe ag an gCúirt Bhreithiúnais an sásra céanna atá i bhfeidhm i leith achomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinntí na mbord achomhairc thuasluaite a chur i bhfeidhm.

<u>Liosta na n-iarscríbhinní:</u>

(1) Cásanna arna dtionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais idir an 1 Eanáir 2017 agus an 30 Meán Fómhair 2022 – Miondealú de réir chineál na gcásanna

(2) Cásanna ar chuir an Chúirt Bhreithiúnais clabhsúr leo idir an 1 Eanáir 2017 agus an 30 Meán Fómhair 2022 – Miondealú de réir chineál na gcásanna

(3) Cásanna réamhrialaithe ar chuir an Chúirt Bhreithiúnais clabhsúr leo idir an 1 Eanáir 2017 agus an 30 Meán Fómhair 2022 sna hábhair shonracha a bhaineann leis an iarraidh reachtach

RIALACHÁN (AE, Euratom) 2022/... Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

PUBLIC

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 256(3) agus don dara mír d'Airteagal 281 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a(1) de,

Ag féachaint don iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais an 30 Samhain 2022,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach an ...,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh na hiarrata a chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle chuici an 16 Nollaig 2015[12], chuir an Chúirt Bhreithiúnais tuarascáil maidir leis na hathruithe féideartha ar leithdháileadh na dlínse i dtaca le ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin an 14 Nollaig 2017. Cé gur mheas an Chúirt Bhreithiúnais sa tuarascáil sin nach raibh gá, ar an dáta deireanach sin, leasuithe a mholadh i ndail le láimhseáil na n-iarrataí ar réamhrialú a dhéantar de bhun Airteagal 267, chuir sí in iúl fós, sa tuarascáil chéanna, nach bhféadfaí aistriú níos déanaí na dlínse réamhrialaithe chuig an gCúirt Ghinearálta in ábhair shonracha a chur as an áireamh dá bhfágfadh líon agus castacht na n-iarrataí ar réamhrialú a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais gur gá sin ar mhaithe le riar cuí an cheartais. Tá aistriú den sórt sin, thairis sin, ar aon dul le toil údair Chonradh Nice, a raibh i gceist acu éifeachtacht chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh a neartú trí fhoráil a dhéanamh don fhéidearthacht go mbeadh an Chúirt Ghinearálta páirteach i láimhseáil na n-iarrataí sin.

(2) Léiríonn staitisticí na Cúirte Breithiúnais go bhfuil líon na n-iarrataí ar réamhrialú atá ar feitheamh agus an meántréimhse ina ndéileáiltear leis na cásanna sin ag méadú. Baineann an staid sin ní hamháin leis an líon mór iarrataí ar réamhrialú a chuirtear faoi

[12] Féach Rialachán (AE, Euratom) 2015/222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal (Uimh. 3) ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 341 an 24.12.2015, lch. 14).

bhráid na Cúirte Breithiúnais gach bliain, ach freisin le rí-chastacht agus íogaireacht líon méadaithe na gceisteanna a chuirtear faoi bhráid na Cúirte sin. D'fhonn a chur ar chumas na Cúirte Breithiúnais a cúram a chomhlíonadh, is iomchuí, ar mhaithe le riar cuí an cheartais, leas a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa chéad mhír d'Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus dlínse chun ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 den Chonradh sin a éisteacht agus a chinneadh in ábhair shonracha a leagtar síos leis an Reacht a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta.

(3) Tá an Chúirt Ghinearálta in ann anois déileáil leis an méadú ar an ualach oibre a thiocfaidh leis an aistriú dlínse sin, de bharr gur méadaíodh faoi dhó líon a Breithiúna agus na mbeart a glacadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar struchtúr chúirteanna an Aontais Eorpaigh de thoradh Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[13] De bhrí go bhfuil ualach oibre na Cúirte Ginearálta dlúthnasctha le forbairt ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh, áfach, is gá a chinntiú gur féidir léi leanúint dá hathbhreithniú breithiúnach a chur i gcrích go hiomlán i dtaca le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, trína pearsanra a threisiú, i gcás inarb iomchuí.

(4) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ní mór na hábhair ina dtabharfar dlínse réamhrialaithe don Chúirt Ghinearálta a shainiú go soiléir agus a bheith sách indealaithe ó na hábhair eile. Thairis sin, is gá go mbeadh bonn láidir cásdlí ón gCúirt Bhreithiúnais ar na hábhair sin, a fhéadfaidh a bheith mar threoir don Chúirt Ghinearálta i bhfeidhmiú a dlínse réamhrialaithe.

(5) Ní mór na hábhair shonracha a chinneadh freisin i bhfianaise an ghá leis an gcúram i leith líon sách ard cásanna réamhrialaithe a bhaint den Chúirt Bhreithiúnais chun go mbeidh fíoréifeacht ar a hualach oibre.

(6) Freagraíonn an comhchóras cánach breisluacha, dleachtanna máil, an cód custaim agus rangú earraí de réir taraife san ainmníocht chomhcheangailte do na critéir go léir thuasluaite chun gur féidir a mheas gur ábhair shonracha iad de réir bhrí na chéad mhíre d'Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(7) Is amhlaidh an cás maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí agus an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil. Chomh maith leis na hábhair sin a bheith ag freagairt do na critéir thuasluaite, tá an Chúirt Ghinearálta lánacmhainneach chun breith a thabhairt ar iarrataí ar réamhrialú a thagann faoi na hábhair sin ós rud é gurb iad an comhthéacs fíorasach agus teicniúil atá cinntitheach, go mór, i ndáil le léiriú úsáideach na bhforálacha ábhartha de dhlí an Aontais.

[13] Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 341 an 24.12.2015, lch. 14).

(8) I bhfianaise an chritéir ábhartha is infheidhme i leith leithdháileadh na dlínse réamhrialaithe idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta, is iomchuí, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus luas, nach gá do na cúirteanna tarchuir féin cinneadh a ghlacadh ar an gceist i ndáil leis an gcúirt den Aontas Eorpach a bhfuil dlínse aici chun an iarraidh ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh. Dá bhrí sin, ní mór aon iarraidh ar réamhrialú a thionscnamh os comhair cúirt amháin, is é sin, an Chúirt Bhreithiúnais, a chinnfidh, de réir na modhanna arna leagan síos ina Rialacha Nós Imeachta, an mbaineann an iarraidh go heisiach le hábhar nó le hábhair shonracha atá leagtha síos i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus, dá réir sin, an gcaithfidh an Chúirt Ghinearálta déileáil léi. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais fós chun breith a thabhairt ar iarrataí ar réamhrialú, ar iarrataí iad a fhéadfaidh a bheith bainteach leis na hábhair shonracha sin, ach le hábhair eile freisin, ós rud é nach bhforáiltear sa chéad mhír d’Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh d’aon fhéidearthacht chun dlínse réamhrialaithe a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta taobh amuigh de na hábhair shonracha.

(9) D’fhonn na coimircí céanna a sholáthar do na cúirteanna náisiúnta agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus iad siúd a sholáthraíonn an Chúirt Bhreithiúnais, beidh forálacha nós imeachta i bhfeidhm ag an gCúirt Ghinearálta atá comhionann leo siúd a chuireann an Chúirt Bhreithiúnais i bhfeidhm in iarrataí ar réamhrialú, go háirithe i dtaca le hAbhcóide Ginearálta a ainmniú.

(10) I bhfianaise ghnéithe sainiúla an nós imeachta réamhrialaithe i gcomparáid le caingne díreacha ina bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta, is iomchuí na hiarrataí ar réamhrialú a shannadh do dhlísheomraí na Cúirte Ginearálta arna n-ainmniú chuige sin.

(11) Ina theannta sin, d’fhonn comhleanúnachas na mbreitheanna réamhrialaithe a thugann an Chúirt Ghinearálta agus ar mhaithe le riar cuí an cheartais, ba cheart foráil a dhéanamh d’fhoirmíocht idirmheánach idir na dlísheomraí de chúigear Breithiúna agus an Mór-Dhlísheomra.

(12) Léiríonn staitisticí na Cúirte Breithiúnais freisin an líon ard achomharc arna dtabhairt i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta. D’fhonn éifeachtacht an nós imeachta achomhairc a chosaint agus chun a chur ar chumas na Cúirte Breithiúnais díriú ar na hachomhairc ina n-ardaítear ceisteanna tábhachtacha dlí, is iomchuí an sásra um réamhchinneadh i leith cead a thabhairt dul ar aghaidh le hachomhairc a fhairsingiú, ag féachaint le hurramú na gceanglas a bhaineann le cosaint éifeachtach bhreithiúnach a áirithiú.

(13) Chuige sin, is iomchuí, sa chéad áit, an sásra sin a shíneadh chuig achomhairc a bhfuil mar chuspóir leo breith ón gCúirt Ghinearálta a bhaineann le cinneadh a rinne bord achomhairc neamhspleách de chuid chomhlacht, oifig nó ghníomhaireacht an Aontais ina raibh bord achomhairc neamhspleách den sórt sin, ach nach bhfuil luaite fós in Airteagal 58a den Reacht ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Baineann na hachomhairc sin le cásanna a scrúdaíodh faoi dhó cheana, sa chéad áit, os comhair

bord achomhairc neamhspleách, agus ansin os comhair na Cúirte Ginearálta, sa chaoi go ráthaítear go hiomlán an ceart chun cosanta éifeachtaí breithiúnaí.

(14) Is iomchuí, sa dara háit, an sásra thuasluaite a shíneadh chuig na díospóidí a bhaineann le comhlíonadh conarthaí ina bhfuil clásal eadrána, de réir bhrí Airteagal 272 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sna díospóidí sin, ní gá don Chúirt Ghinearálta ach an dlí náisiúnta dá dtagraíonn an clásal eadrána a chur i bhfeidhm i leith shubstaint an cháis agus mar sin, ní ardaítear, i bprionsabal, ceisteanna tábhachtacha i ndáil le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dhlí an Aontais.

PUBLIC

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 50 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (“an Reacht”):

“Suífidh an Chúirt Ghinearálta i ndlísheomraí de thriúr nó cúigear Breithiúna. Toghfaidh na Breithiúna Uachtaráin na ndlísheomraí as a líon féin. Toghfar Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu go ceann téarma trí bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.

Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta suí i Mór-Dhlísheomra freisin, i ndlísheomra idirmheánach idir na dlísheomraí de chúigear Breithiúna agus an Mór-Dhlísheomra, nó mar Bhreitheamh aonair.

Leagfar síos sna Rialacha Nós Imeachta comhdhéanamh na ndlísheomraí agus na himthosca agus na coinníollacha ina suífidh an Chúirt Ghinearálta sna foirmíochtaí éagsúla sin.”

*Airteagal 2*

Cuirtear an tAirteagal seo a leanas leis an Reacht:

“Airteagal 50b

1. Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta iarrataí ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh, a chuirtear faoina bráid de bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a thagann go heisiach faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha seo a leanas:

- an comhchóras cánach breisluacha;
- dleachtanna máil;
- an cód custaim agus rangú earraí de réir taraife san ainmníocht chomhcheangailte;
- cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí;
- an córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.

2. Tionscnófar os comhair na Cúirte Breithiúnais gach iarraidh a tharchuirtear de bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tar éis di a fhíorú, i gcomhréir leis na modhanna dá bhforáiltear ina Rialacha Nós Imeachta, go mbaineann an iarraidh ar réamhrialú go heisiach le hábhar nó le hábhair dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an iarraidh sin a tharchur chuig an gCúirt Ghinearálta.

3. Sannfar na hiarrataí ar réamhrialú a tharchuirtear chuig an gCúirt Ghinearálta, i gcomhréir leis na modhanna arna leagan síos ina Rialacha Nós Imeachta, do dhlísheomraí arna n-ainmniú chuige sin. Sna cásanna sin, ainmneofar Abhcóide Ginearálta, i gcomhréir leis na modhanna arna leagan síos sna Rialacha Nós Imeachta."

*Airteagal 3*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 58a:

"1. Achomharc arna dhéanamh i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinneadh a rinne bord achomhairc neamhspleách de chuid ceann amháin de chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais seo a leanas, ní rachaidh sé ar aghaidh mura gcinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais i dtús báire gur cheart ligean dó dul ar aghaidh:

(a) Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh;
(b) an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí;
(c) an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán;
(d) Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh;
(e) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh;
(f) an Bord Réitigh Aonair;
(g) an tÚdarás Baincéireachta Eorpach;
(h) an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí;
(i) an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde;
(j) Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh.

2. Tá feidhm freisin ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 freisin maidir le hachomhairc i gcoinne na mbreitheanna seo a leanas:

- breitheanna na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinneadh de chuid bord achomhairc neamhspleách a cuireadh ar bun tar éis an 1 Bealtaine 2019 laistigh d'aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais, a gcaithfear an t-ábhar a bheith tugtha os a chomhair sular féidir caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta.

- breitheanna na Cúirte Ginearálta a bhaineann le comhlíonadh conartha ina bhfuil clásal eadrána, de réir bhrí Airteagal 272 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Ligfear d'achomharc dul ar aghaidh, go hiomlán nó go páirteach, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta, i gcás ina n-ardófar ceist mar chuid den achomharc sin atá suntasach i ndáil le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dhlí an Aontais.

PUBLIC

4. An cinneadh a dhéanfar maidir le ligean d'achomharc dul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh, is cinneadh cuí-réasúnaithe a bheidh ann, agus déanfar é a fhoilsiú.”

*Airteagal 4*

1. Láimhseálfaidh an Chúirt Bhreithiúnais na hiarrataí ar réamhrialú a chuirtear faoina bráid de bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus atá ar feitheamh ós comhair na Cúirte Breithiúnais an chéad lá den mhí a leanann dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir le hachomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinneadh ó bhord achomhairc ceann de chomhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 58a(1)(e) go (j) agus achomhairc dá dtagraítear sa dara fleasc d’Airteagal 58a(2), atá os comhair na Cúirte Breithiúnais ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ní thiocfaidh na hachomhairc sin faoin sásra um réamhchinneadh i leith cead a thabhairt dul ar aghaidh le hachomhairc.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

PUBLIC

PUBLIC

# Iarscríbhinn 1

## Cásanna arna dtionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais idir an 1 Eanáir 2017 agus an 30 Meán Fómhair 2022

## Miondealú de réir chineál na gcásanna

| | 2017 | % | 2018 | % | 2019 | % | 2020 | % | 2021 | % | 2022 (1) | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tarchuir chun réamhrialú | 533 | 72.1% | 568 | 66.9% | 641 | 66.4% | 557 | 75.6% | 567 | 67.7% | 420 | 66.7% |
| Caingne díreacha | 46 | 6.2% | 63 | 7.4% | 41 | 4.2% | 38 | 5.2% | 29 | 3.5% | 28 | 4.4% |
| Achomhairc (2) | 147 | 19.9% | 199 | 23.4% | 266 | 27.5% | 131 | 17.8% | 232 | 27.7% | 174 | 27.6% |
| Iarrataí ar thuairim | 1 | 0.1% | | 0.0% | 1 | 0.1% | 1 | 0.1% | | 0.0% | | 0.0% |
| Nósanna imeachta speisialta (3) | 12 | 1.6% | 19 | 2.2% | 17 | 1.8% | 10 | 1.4% | 10 | 1.2% | 8 | 1.3% |
| **Iomlán** | **739** | | **849** | | **966** | | **737** | | **838** | | **630** | |

(1) Cásanna arna dtionscnamh ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.

(2) Áirítear sa líne seo na hachomhairc arna dtabhairt de bhun Airteagal 56 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na hachomhairc in imeachtaí idirlinne agus achomhairc ar idiragairt dá dtagraítear in Airteagal 57 den Phrótacal céanna.

(3) Meastar gur “nósanna imeachta speisialta” iad cúnamh dlíthiúil, fómhas costas, ceartú, mainneachtain cás a chur de láimh, iarratas ar bhreithiúnais mainneachtana a chur ar ceal, imeachtaí tríú páirtí, léiriú, athbhreithniú, scrúdú ar thogra ón gCéad Abhcóide Ginearálta athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith na Cúirte Ginearálta, astú agus cásanna i ndáil le díolúintí.

<u>Iarscríbhinn 2</u>

PUBLIC

## Cásanna ar chuir an Chúirt Bhreithiúnais clabhsúr leo idir an 1 Eanáir 2017 agus an 30 Meán Fómhair 2022

## Miondealú de réir chineál na gcásanna [1]

| | 2017 | % | 2018 | % | 2019 | % | 2020 | % | 2021 | % | 2022 (2) | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tarchuir chun réamhrialú | 447 | 63.9% | 520 | 68.4% | 601 | 69.5% | 534 | 67.4% | 547 | 70.9% | 382 | 68.0% |
| Caingne díreacha | 37 | 5.3% | 60 | 7.9% | 42 | 4.9% | 37 | 4.7% | 30 | 3.9% | 32 | 5.7% |
| Achomhairc [3] | 198 | 28.3% | 165 | 21.7% | 210 | 24.3% | 204 | 25.8% | 183 | 23.7% | 142 | 25.3% |
| Iarrataí ar thuairim | 3 | 0.4% | | 0.0% | 1 | 0.1% | | 0.0% | 1 | 0.1% | 1 | 0.2% |
| Nósanna imeachta speisialta [4] | 14 | 2.0% | 15 | 2.0% | 11 | 1.3% | 17 | 2.1% | 11 | 1.4% | 5 | 0.9% |
| **Iomlán** | **699** | | **760** | | **865** | | **792** | | **772** | | **562** | |

[1] Léirítear sna figiúirí a luaitear (figiúirí comhlána) líon iomlán na gcásanna gan uamadh mar gheall ar cheangal idir cásanna a chur san áireamh (1 chásuimhir = 1 chás).

[2] Cásanna ar cuireadh clabhsúr leo idir an 1 Eanáir 2022 agus an 30 Meán Fómhair 2022.

[3] Áirítear sa líne seo na hachomhairc arna dtabhairt de bhun Airteagal 56 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na hachomhairc in imeachtaí idirlinne agus achomhairc ar idiragairt dá dtagraítear in Airteagal 57 den Phrótacal céanna.

[4] Meastar gur “nósanna imeachta speisialta” iad cúnamh dlíthiúil, fómhas costas, ceartú, mainneachtain cás a chur de láimh, iarratas ar bhreithiúnais mainneachtana a chur ar ceal, imeachtaí tríú páirtí, léiriú, athbhreithniú, scrúdú ar thogra ón gCéad Abhcóide Ginearálta athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith na Cúirte Ginearálta, astú agus cásanna i ndáil le díolúintí.

## Iarscríbhinn 3

Cásanna réamhrialaithe ar chuir an Chúirt Bhreithiúnais clabhsúr leo idir an 1 Eanáir 2017 agus an 30 Meán Fómhair 2022 sna hábhair shonracha a bhaineann leis an iarraidh reachtach

PUBLIC

**Tábla 1: Líon na gcásanna lena**

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cáin bhreisluacha** | 53 | 47 | 53 | 50 | 51 | 32 | 286 |
| **Dleachtanna máil** | 5 | 3 | 4 | 3 | 5 | 5 | 25 |
| **An cód custaim** | 11 | 0 | 7 | 4 | 6 | 2 | 30 |
| **Rangú de réir taraife** | 5 | 6 | 6 | 7 | 7 | 1 | 32 |
| **Cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí** | 24 | 64 | 28 | 39 | 63 | 19 | 237 |
| **Lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa** | 3 | 5 | 3 | 3 | 6 | 1 | 21 |
| | 101 | 125 | 101 | 106 | 138 | 60 | 631 |

* I gcás ina gclúdaítear roinnt ábhair shonacha le cás, ní áirítear é ach uair amháin agus cuirtear sa cholún a bhaineann leis an bpríomhábhar lena mbaineann.

**Tábla 2: An céatadán a bhaineann le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo in ábhair shonracha i gcomparáid le líon iomlán na cásanna réamhrialaithe ar cuireadh clabhsúr leo le linn na bliana lena mbaineann**

PUBLIC

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcásanna sna hábhair shonracha a chumdaítear leis an iarraidh reachtach** | 101 | 125 | 101 | 106 | 138 | 60 | 631 |
| **Líon iomlán na gcásanna réamhrialaithe ar cuireadh clabhsúr leo** | 447 | 520 | 601 | 534 | 547 | 382 | 3031 |
| | **22.60%** | **24.04%** | **16.81%** | **19.85%** | **25.23%** | **15.71%** | **20.82%** |

**Tábla 3: Láimhseáil nós imeachta na gcásanna le linn na tréimhse lena mbaineann**

| | Líon iomlán na gcásanna | Foirmíocht na Cúirte * | | | Tuairim |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Mór-Dhlísheomra | Dlísheomra 5 Bhreiteamh | Dlísheomra 3 Bhreitheamh | |
| **Cáin bhreisluacha** | 286 | 2 | 113 | 139 | 113 |
| **Dleachtanna máil** | 25 | 0 | 12 | 8 | 8 |
| **An cód custaim** | 30 | 0 | 17 | 11 | 14 |
| **Rangú de réir taraife** | 32 | 0 | 0 | 29 | 2 |
| **Cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí** | 237 | 1 | 43 | 20 | 16 |
| **Lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa** | 21 | 0 | 11 | 7 | 10 |
| | 631 | 3 | 196 | 214 | 163 |

* Is é is cúis leis an difríocht idir líon iomlán na gcásanna a bhaineann le hábhar agus suim na gcásanna ar chuir na foirmíochtaí éagsúla clabhsúr leo, go bunúsach, le tarraingt siar cásanna áirithe, gur chuir an tUachtarán clabhsúr leo trí ordú nó trína mbaint ón gclár.

PUBLIC